



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2024

CUNTASAÍOCHT– ARDLEIBHÉAL

(400 marc)

Dé Céadaoin, 19 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá ceithre cheist sa roinn seo (na hUimhreacha 1 - 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist (**A nó B**) agus tá 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin (A nó B)** a fhreagairt **NÓ DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo a fhreagairt.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (na hUimhreacha 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh. Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh. Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamhain

Is ceadmhach áireamhain a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt. Tá sé fíorthábhachtach an t-oibriú amach a thaispeáint s(n)a f(h)reagairleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart.

ROINN 1 (120 Marc)

Freagair **Ceist 1(A)** NÓ **1(B)** NÓ DHÁ cheist ar bith eile

1. Freagair (A) NÓ (B)

(A) Cuntais Deiridh Cuideachta

Tá caipiteal údaraithe de €1,600,000 ag Yeats Teo. roinnte ina 1,000,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 600,000 scair thosaíochta 4% ar €1 an ceann. Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as na leabhair ar an 31/12/2023:

	€	€
Talamh agus foirgnimh ar a gcostas	580,000	
Dímheas carntha – foirgnimh		38,000
Veaineanna seachadta (costas €115,000)	80,000	
Lascaine (glan)	3,500	
Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2023		34,800
Stoc ar láimh 01/01/2023	44,400	
Ús bintiúir do na chéad naoi mí	5,400	
Infheistíochtaí 3% a fuarthas ar an 01/05/2023	120,000	
Paitinní (trí mhí d'ioncam infheistíochta san áireamh)	40,600	
Ceannacháin agus díolacháin	747,000	1,080,700
Díbhinní íoctha	15,000	
Soláthar in aghaidh drochfhiach		3,200
Féichiúnaithe agus creidiúnaithe	69,600	64,900
Banc		57,000
Tuarastail agus speansais ghinearálta (fionraí san áireamh)	218,355	
Bintiúir 8% (lena n-áirítear €40,000 a eisíodh ar an 01/10/2023)		140,000
Scairchaipiteal eisiithe – gnáthscaireanna		400,000
– scaireanna tosaíochta 4%		100,000
CBL		1,900
Fógraíocht	25,145	
Cíos a fuarthas		13,500
Cúlchiste caipitil		<u>15,000</u>
	<u>1,949,000</u>	<u>1,949,000</u>

Tá an t-eolas agus na teoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Bhí luach €56,900 ar stoc ar a chostas ar 31/12/2023. San áireamh san fhiigiúr sin tá stoc damáistithe a chosain €3,800 agus a bhfuil glanluach inréadaithe de 60% den chostas anois air.
- (ii) Déantar costas na veaineanna seachadta a dhíscríobh de réir méid cothrom thar 5 bliana. Déantar dímhéas bliana iomláine sa bhliain a nglactar seilbh ar veain agus ní dhéantar aon dímhéas i mbliain a dhiúscartha. Tá dramhluach 5% den chostas tosaigh ar veaineanna seachadta.

NÓTA: Le linn na bliana rinneadh veain seachadta a chosain €40,000 in 2019 a thrádáil isteach ar €10,000 in aghaidh veain nua a chosain €56,000. Caitheadh go hearráideach leis an seic do ghlanmhéid an bhirt sin mar cheannachán stoc trádála ach iontráladh i gceart é sa chuntas bainc. Ba iad sin amháin na hiontrálacha a rinneadh sna leabhair.

- (iii) Fuarthas amach go raibh earraí faighte ó sholáthraí ar 31/12/2023 ar bhonn 'díol nó aischur'. Iontráladh na hearraí sin sna leabhair go hearráideach mar cheannachán creidmheasa. Meastar gurb é €5,000 an praghas díola do na hearraí sin, is é sin, an costas móide 25%.
- (iv) Tá paitinní (lena n-áirítear 3 mhí d'ioncam infheistíochta) á ndíscríobh thar thréimhse 7 mbliana, a thosaigh in 2021.
- (v) Tarlaíonn an fiigiúr fionraí mar gheall ar fhiigiúr earráideach don ús bintiúir (cé go ndearnadh an fiigiúr ceart a iontráil sa chuntas bainc) agus lascaine €400 a lamháladh a bheith iontráilte sa chuntas lascaine amháin.
- (vi) Ceannaíodh trádastóras nua le linn na bliana ar €100,000 móide CBL 13.5%. Iontráladh an méid iomlán a íocadh leis an díoltóir sa chuntas talamh agus foirgneamh. Ní dhearnadh iontráil ar bith sa chuntas CBL.
- (vii) Tá foirgnimh le dímhéas ag ráta 2% dá gcostas in aghaidh na bliana (chosain an talamh €200,000).

Rinne an chuideachta talamh agus foirgnimh a athluacháil ar €700,000 ar 31/12/2023 agus tá an athluacháil seo fós le léiriú sna cuntais.

- (viii) Bhain an cíos a fuarthas le trádastóras a lig an chuideachta amach ar cíos €1,500 in aghaidh na míosa ag tosú ar 01/06/2023.
- (ix) Molann na Stiúrthóirí:
 - 1. Gur cheart soláthar a dhéanamh d'ioncam infheistíochta dlite agus d'ús bintiúir dlite araon.
 - 2. Go ndéanfaí soláthar in aghaidh drochfhiach a choigeartú go 4% d'fhéichiúnaithe.
 - 3. Gur cheart €20,000 a aistriú ó bhrabús go dtí an cúlchiste caipitil.

Iarrtar ort:

- (a) Cuntas trádála, brabúis agus caillteanais a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2023. (75)
- (b) Clár comhardaithe a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2023. (45)

(120 marc)

(B) Cuntais Deiridh Cuideachta agus Cuntas Déantúsaíochta san áireamh

Tá caipiteal údaraithe de €1,500,000 ag Ó Seasnáin Teo. roinnte ina 1,100,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 400,000 scair thosaíochta 4% ar €1 an ceann. Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as na leabhair ar 31/12/2023:

	€	€
Talamh monarchan agus foirgnimh (costas €900,000)	812,000	
Gléasra agus innealra (costas €780,000)	680,000	
Paitinní	80,000	
Forchostais ghinearálta mhonarchan (fionraí san áireamh)	110,700	
Díol damhábhar		11,200
Stoic ar láimh 01/01/2023		
Amhábhair	97,500	
Obair idir lámha	13,000	
Earraí críochnaithe	76,000	
Ceannach amhábhar	580,000	
Díolacháin		1,692,100
Carraeireacht ar amhábhair	15,800	
Speansais díola	99,000	
Pá díreach monarchan	310,000	
Speansais riaracháin	113,000	
Bintiúir 8%		200,000
Scairchaipiteal eisithe - gnáthscaireanna		900,000
- scaireanna tosaíochta 4%		330,000
Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2023		6,300
CBL		10,100
Banc		8,000
Infheistíochtaí 3% a fuarthas ar 01/08/2023	150,000	
Ioncam infheistíochta faighte		1,500
Díbhinní íoctha	47,000	
Ús bintiúir	12,200	
Féichiúnaithe agus creidiúnaithe	45,000	52,000
Cúlchiste caipitil	_____	<u>30,000</u>
	<u>3,241,200</u>	<u>3,241,200</u>

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Stoic ar láimh ar an 31/12/2023:
- | | |
|---------------------|---------|
| Amhábhair | €33,400 |
| Obair idir lámha | €22,100 |
| Earraí críochnaithe | €72,000 |
- (ii) Le linn na bliana scrios dóiteán amhábhair a chosain €5,800. D'aontaigh an chuideachta árachais 90% dá gcostas a íoc mar chúiteamh. Ní dhearnadh iontráil ar bith sna leabhair.
- (iii) Cuireadh earraí críochnaithe chuig custaiméir ar an 31/12/2023 ar bhonn 'díol nó aischur'. Taifeadadh na hearraí sin sna leabhair mar dhíolachán ar cairde €21,250. Is ionann sin agus marcáil suas 25% ar chostas.
- (iv) Tarlaíonn an figiúr fionraí mar gheall ar lascaine lamháilte €800 a iontráladh i gcuntas na bhféichiúnaithe amháin agus mar gheall ar amhábhair a ceannaíodh ar cairde ar €3,000 agus a iontráladh ar an taobh mícheart de chuntas na gcreidiúnaithe.
- (v) Tá paitinní á ndíscríobh thar thréimhse 7 mbliana a thosaigh in 2021
- (vi) San áireamh san fhigiúr do dhíol dramhábhair tá €7,000 a fuarthas ó sheanmheaisín a dhíol ar an 31/03/2023. Chosain an meaisín sin €40,000 ar 30/09/2019. Tá gléasra agus innealra le dímhéas ar ráta 15% dá gcostas in aghaidh na bliana ríofa ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.
- (vii) Tá foirgnimh le dímhéas ag 2% dá gcostas in aghaidh na bliana. (Bhí luach €100,000 ar an talamh ar a chostas ar 01/01/2023.) Tá dímhéas ar fhoirgnimh le roinnt 80% don mhonarcha agus an chuid eile do speansais riarachán. Socraíodh ar na foirgnimh a athluacháil ar €1,200,000 ar an 31/12/2023 agus tá an athluacháil seo fós le léiriú sna cuntais.
- (viii) Baineadh an figiúr don Bhanc sa chomhardú trialach as taifid an ghnólachta féin. Léiríonn ráiteas bainc dar dáta 31/12/2023 rótharraingt de €600, áfach. Cuireadh an cuntas bainc agus an ráiteas bainc i gcomparáid le chéile agus nochtadh na míréitigh seo a leanas:
1. Íocadh go díreach isteach i gcuntas bainc an ghnólachta €6,000 a fuarthas as cíos 4 mhí. Baineann sé sin le spás oifige a bhí le spáráil agus a lig Ó Seasnáin Teo. amach ar cíos le déanaí ag tosú ar an 01/11/2023.
 2. Níor seachadadh chun íoctha seic do €3,200 i gcomhair táillí a eisíodh chuig creidiúnaí.
 3. D'ob an banc seic €1,800 a fuarthas ó fhéichiúnaí. Níor taifeadadh é sin sna leabhair.
- (ix) Ba chóir soláthar a dhéanamh dóibh seo a leanas:
1. Ioncam infheistíochta dlite agus ús bintiúir dlite.
 2. Soláthar in aghaidh drochfhiach a chruthú atá cothrom le 6% de na féichiúnaithe.
 3. €20,000 a aistriú ó bhrabús chuig an gcúlchiste caipitil.
- Iarrtar ort:**
- (a) Cuntas déantúsaíochta, trádála, brabúis agus caillteanais a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2023. (75)
- (b) Clár comhardaithe a ullmhú mar a bhí ar an 31/12/2023. (45)
- (120 marc)**

2. Cuntais Fhoilsithe

Tá scairchaipiteal údaraithe de €850,000 ag Ó Laighin cpt roinnte ina 650,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 200,000 scair thosaíochta 4% ar €1 an ceann. Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as na leabhair ar an 31/12/2023.

	€	€
Talamh agus foirgnimh ar a gcostas	850,000	
Foirgnimh – dímheas carntha ar an 01/01/2023		55,000
Feithiclí ar a gcostas	440,000	
Feithiclí – dímheas carntha ar an 01/01/2023		75,000
Caipiteal eisithe		
Gnáthscaireanna		500,000
Scaireanna tosaíochta 4%		150,000
Paitinn 01/01/2023	37,500	
Infheistíochtaí 3%	140,000	
Féichiúnaithe agus creidiúnaithe	105,000	44,000
Ceannacháin agus díolacháin	1,500,000	2,150,000
Stoc 01/01/2023	57,000	
Costais dáileacháin	232,000	
Speansais riaracháin	146,000	
Ioncam ó chíosanna		85,000
Brabús ar dhíol talún		60,000
Táillí stiúrthóirí	35,000	
Cuntas brabúis agus cailteanais 01/01/2023		43,000
Soláthar in aghaidh drochfhiach		5,600
Ús bintiúir íoctha	12,000	
Banc		38,000
Coimisiún		14,000
CBL	5,600	
Díbhinní íoctha	35,000	
Bintiúir 8% 2027/2028		380,000
Fógraíocht	<u>4,500</u>	<u>-----</u>
	<u>3,599,600</u>	<u>3,599,600</u>

Baineann an t-eolas seo a leanas le hábhar:

- (i) Stoc ar an 31/12/2023, €85,000
- (ii) Ceannaíodh an phaitinn ar an 01/01/2018 ar €75,000. Tá sí á hamúchadh thar 10 mbliana i dtráthchodanna cothroma. Tá an t-amúchadh le háireamh i gcostas na ndíolachán.

Le linn na bliana, díoladh talamh le taobh áitreabh na cuideachta, a chosain €210,000, ar €270,000. (Chosain an chuid eile den talamh €200,000.)

Bhí dímheas ar fhoirgnimh ar ráta 2% den chostas in aghaidh na bliana de réir méid cothrom agus le dáileadh 25% do chostais dáileacháin agus 75% do speansais riaracháin. Níor ceannaíodh ná níor díoladh foirgnimh ar bith le linn na bliana.

Ag deireadh na bliana, rinne an chuideachta a cuid talún agus foirgneamh a athluacháil ar €950,000. Is mian leis an gcuideachta an luach sin a léiriú sna cuntais.
- (iv) Déantar feithiclí a dhímheas ag ráta 20% dá gcostas in aghaidh na bliana de réir méid cothrom.
- (v) San áireamh sna costais dáileacháin tá fáltas €2,650 ar ríchíosanna paitinne.
- (vi) Déan soláthar d'ús bintiúir dlite, ioncam infheistíochta dlite, táillí iniúcháir €8,500 agus cáin chorparáide €87,000.

Iarrtar ort:

- (a) An cuntas brabúis agus caillteanais foilsithe a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2023 de réir Acht na gCuideachtaí agus na gcaighdeán cuntasáiochta cuí, a thaispeánann na nótaí seo a leanas:
 - 1. Nóta ar bheartas cuntasáiochta faoi shócmhainní seasta inláimhsithe agus stoc
 - 2. Brabús oibriúcháin
 - 3. Díbhinní
 - 4. Sócmhainní seasta inláimhsithe. (52)
- (b) (i) An téarma mír eisceachtúil a mhíniú agus tagairt agat do chuntais Uí Laighin cpt.
- (ii) Cad iad na rialacháin nach mór de Chuntasóirí a chomhlíonadh nuair a bhíonn ráiteas airgeadais a n-ullmhú acu lena bhfoilsiú? (8)

(60 marc)

3. Cuntais Feirme

Ar na sócmhainní agus na dliteanais atá ag E. Pléimeann a bhfuil gnó beag feirmeoireachta measctha ar siúl aige, ar an 01/01/2023, tá:

talamh agus foirgnimh ar a gcostas €410,000; feithiclí agus innealra ar a gcostas €168,000; leictreachas dlite €250; cógais réamhíochta €330; luach eallaigh €88,000; luach caorach €35,600; seic bainne dlite €6,900; stoc breosla €370; ús infheistíochta dhá mhí dlite €400.

Baineann dímheas carntha 3 bliana leis na sócmhainní seasta go léir ar an 01/01/2023.

Seo thíos achoimre a tógadh as an leabhair íocaíochtaí seic agus lóisteálacha don bhliain dar críoch 31/12/2023:

Lóisteálacha	€	Íocaíochtaí Seic	€
Iarmhéid 01/01/2023	51,500	Leasachán	35,600
Bainne	100,000	Speansais ghinearálta feirme	21,610
Caoirigh	15,400	Pá uachtarlainne	5,200
Eallach	14,900	Caoirigh	8,900
Uain	8,700	Eallach	11,200
Laonna	10,800	Solas, teas, breosla	46,850
Íocaíocht aonair – caoirigh	6,600	Innealra	15,000
Íocaíocht aonair – eallach	3,385	Deisiúcháin	5,750
Olann	800	Táillí tréidliachta agus cógais	4,120
Ús ó bhanna infheistíochta 2%	1,400	Aisíocaíocht iasachta bainc móide ús 18 mí de réir 5% sa bhliain ar an 31/08/2023	32,250
Scéim comhshaoil AE GLAS	5,600		
	————	Iarmhéid 31/12/2023	<u>32,605</u>
	<u>219,085</u>		<u>219,085</u>

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- | | Eallach | Caoirigh |
|--|----------------|-----------------|
| (i) Ba é luach an bheostoic ar an 31/12/2023 ná: | €94,000 | €51,000 |
| (ii) Táirgí feirme a d'úsáid Pléimeann le linn na bliana – bainne €550; uaineoil €770. | | |
| (iii) Cuimsítear sna táillí tréidliachta agus cógais seic d'árachas sláinte príobháideach de €1,700. | | |
| (iv) Tá speansais ghinearálta feirme, leasachán, táillí tréidliachta agus cógais le cionroinnt 70% ar 'eallach agus bainne' agus 30% ar 'caoirigh'. | | |
| (v) Tá na speansais agus na costais eile go léir le cionroinnt 90% ar an bhfeirm go ginearálta agus 10% ar an teaghlach. | | |
| (vi) Tá dímhéas le déanamh ar fheithiclí agus ar innealra ar ráta 10% dá gcostas in aghaidh na bliana agus ar fhoirgnimh ar ráta 2% dá gcostas in aghaidh na bliana. (€200,000 a bhí ar an talamh ar a chostas.) | | |
| (vii) Ar an 31/12/2023 bhí seic bainne €6,950 dlite, bhí €750 dlite do chreidiúnaithe ar leasachán agus b'fhiú €450 an stoc breosla. | | |

Iarrtar ort:

- (a) Ráiteas caipitil Phléimeann ar 01/01/2023 a ullmhú. (20)
- (b) Cuntas anailíse fiontair do 'eallach agus bainne' agus 'caoirigh' don bhliain dar críoch 31/12/2023 a ullmhú. (20)
- (c) Cuntas ginearálta brabúis agus caillteanais Phléimeann don bhliain dar críoch 31/12/2023 a ullmhú. (12)
- (d) Tá Pléimeann ag smaoineamh ar uasghrádú a dhéanamh ar an bhfeirm agus grianphainéil a shuiteáil ar chostas €100,000 (glanchostas tar éis deontas). Tá measta aige go ndéanfaidh sé sin laghdú 40% ar chostais fuinnimh. D'iarr Pléimeann ort comhairle a chur air maidir leis na himpleachtaí airgeadais a bhainfeadh le grianphainéil a shuiteáil. Bunaithe ar na cuntais atá ullmhaithe agat, cén chomhairle a chuirfeá air? (8)

(60 marc)

4. Dímheas ar Shócmhainní Seasta

Ullmhaíonn Trucailí Cobra Teo. a gcuntais deiridh go dtí 31 Nollaig gach bliain. Is é polasaí na cuideachta a gcuid trucailí a dhímheas de réir méid cothrom thar 5 bliana.

Meastar an dramhluach ag 10% de chostas tosaigh trucaile.

Gearrtar dímheas ón dáta ceannaigh go dtí an dáta diúscartha.

Ar an 01/01/2022 bhí na trucailí seo a leanas ag Trucailí Cobra Teo.:

Trucail Uimh. 1 a ceannaíodh ar an 01/05/2018 ar €55,000.

Trucail Uimh. 2 a ceannaíodh ar an 01/04/2019 ar €68,000.

Trucail Uimh. 3 a ceannaíodh ar an 01/06/2021 ar €72,000.

Ar an 01/09/2022, trádáladh trucail uimh.1 isteach ar €20,000 in aghaidh trucail eile a chosain €82,000. Feistíodh aonad cuisnithe i dtrucail uimh.1 ar an 01/09/2019. Bhí costas €22,000 ar an aonad cuisnithe agus costas €2,000 eile ar an bhfeistiú.

Nóta: Déantar aonaid chuisnithe a dhímheas ar ráta 20% dá gcostas don chéad dá bhliain agus ar ráta 10% dá gcostas gach bliain ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh sé díscríofa go hiomlán.

Ar an 1/04/2023, tuairteáladh trucail uimh.3 agus trádáladh isteach í in aghaidh trucail nua a chosain €88,000. Fuair an chuideachta cúiteamh ón gcuideachta árachais dar luach €26,000 agus íocadh seic €65,000 ar an bhfeithicil nua.

Iarrtar ort iad seo thíos, mar aon leis an oibriú amach, a thaispeáint do gach ceann den dá bhliain 2022 agus 2023:

- (a) Cuntas na dTrucailí. (6)
- (b) An Cuntas Soláthair in aghaidh Dímheasa. (32)
- (c) An Cuntas Diúscartha Trucailí. (14)
- (d) (i) Cén fáth a ngearrann cuideachta dímheas agus brabúis á ríomh aici?
(ii) Mínigh an téarma ‘saolré eacnamaíoch fhóna’ mar a bhaineann le sócmhainní seasta. (8)

(60 marc)

Tosaíonn Roinn 2 ar leathanach 12

ROINN 2 (200 Marc)
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

5. Léirmhíniú Cuntas

Baineadh na figiúirí thíos as cuntais deiridh Uí Ceallaigh cpt, cuideachta in earnáil an fhuinnimh in-athnuaite, don bhliain dar críoch 31/12/2023. Tá caipiteal údaraithe €800,000 ag an gcuideachta atá comhdhéanta de 600,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 200,000 scair thosaíochta 4% ar €1 an ceann. Tá 400,000 gnáthscair agus 40,000 scair thosaíochta 4% eisithe ag an gcuideachta cheana féin.

Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2023		
€		€
Díolacháin		819,000
Stoc tosaigh	65,000	
Costas earraí díolta		(605,000)
Speansais oibriúcháin don bhliain		(92,000)
Ús		<u>(12,000)</u>
Glanbhrabús		110,000
Díbhinní íoctha		<u>(20,000)</u>
Brabús coinnithe		90,000
Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2023		<u>25,000</u>
Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2023		<u>115,000</u>

Cóimheasa agus eolas don bhliain dar críoch 31/12/2022	
Tuilleamh in aghaidh na gnáthscaire	15c
Díbhinn in aghaidh na gnáthscaire	6c
Cumhdach úis	5 uair
Cóimheas mear	1.20 : 1
Toradh ar chaipiteal in úsáid	15%
Luach margaidh aon ghnáthscaire	€1.20
Giaráil	15%
Cumhdach díbhinne	2.5 uair
Toradh díbhinne	5%

Clár Comhardaithe mar a bhí ar an 31/12/2023			
Sócmhainní Seasta	€	€	€
Doláimhsithe		50,000	
Inláimhsithe		<u>480,000</u>	530,000
Infheistíochtaí (luach margaidh 31/12/2023 – €120,000)			<u>100,000</u>
			630,000
Sócmhainní Reatha		126,000	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain			
Rótharraingt bhainc	(16,000)		
Creidiúnaithe trádála	<u>(35,000)</u>	<u>(51,000)</u>	<u>75,000</u>
			<u>705,000</u>
Maoinithe ag:			
Bintiúir 8% (faoi urrús 2027)			150,000
Caipiteal agus Cúlchistí			
Gnáthscaireanna ar €1 an ceann		400,000	
Scaireanna tosaíochta 4% ar €1 an ceann		40,000	
Iarmhéid brabúis agus caillteanais		<u>115,000</u>	<u>555,000</u>
			<u>705,000</u>

Is é an luach margaidh ar ghnáthscair amháin ar an **31/12/2023** ná **€1.25**.

(a) Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh do 2023:

(ba chóir an t-áireamh a dhéanamh go dtí **dhá** ionad dheachúlacha nuair is cuí).

- (i) An stoc deiridh más é 10 ráta láimhdeachais an stoic, bunaithe ar an meánstoc.
- (ii) An toradh ar chaipiteal in úsáid
- (iii) An cóimheas idir praghas agus tuilleamh
- (iv) Giaráil.
- (v) Toradh díbhinne. (50)

(b) Comhairle a chur ar an mbainisteoir bainc cé acu ba chóir nó nár chóir iasacht €200,000, ar a ngearrfaí ráta 9%, a thabhairt do Ó Ceallaigh cpt.

Iasacht is ea í chun uasghrádú ar threalamh déantúsaíochta a mhaoiniú.

Úsáid cóimheasa agus céatadáin ábhartha chomh maith le heolas eile chun tacú le do fhreagra. (40)

(c) Tá sé socraithe ag cara leat €20,000 a infheistiú i scaireanna in Ó Ceallaigh cpt agus d'iarr do chara comhairle ort. Tá sé de rogha aige/aici

- gnáthscaireanna a cheannach ar luach an mhargaidh (€1.25) nó
- scaireanna tosaíochta 4% a cheannach ar a luach ainmniúil €1 an ceann.

- (i) Déan idirdhealú idir gnáthscaireanna agus scaireanna tosaíochta.
- (ii) Bunaithe ar an anailís a rinne tú ar chuntais Uí Cheallaigh cpt, cén chomhairle a thabharfá? (10)

(100 marc)

6. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Is iad seo a leanas na cláir chomhardaithe ag Simpson cpt mar a bhí ar an 31/12/2023 agus 31/12/2022:

Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar	31/12/2023		31/12/2022	
Sócmhainní Doláimhsithe	€	€	€	€
Paitinn		65,000		78,000
Sócmhainní Seasta				
Sócmhainní seasta ar a gcostas	730,000		610,000	
Lúide dímheas carntha	<u>(145,000)</u>	585,000	<u>(118,000)</u>	492,000
Sócmhainní Airgeadais				
Infheistíochtaí 3%		<u>35,000</u>		<u>35,000</u>
		685,000		605,000
Sócmhainní Reatha				
Stoc	108,300		98,000	
Airgead	2,680		2,370	
Féichiúnaithe	56,000		54,000	
Lúide soláthar in aghaidh drochfhiach	(1,680)		(1,620)	
Urrúis rialtais	20,000		12,000	
Ús infheistíochta dlite	<u>1,500</u>		<u>1,000</u>	
	<u>186,800</u>		<u>165,750</u>	
Lúide creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain				
Creidiúnaithe	84,000		70,000	
Rótharraingt bhainc	10,000		15,000	
Cáin chorparáide	52,000		50,200	
Ús iníoctha dlite	<u>2,400</u>		<u>1,000</u>	
	<u>148,400</u>	<u>38,400</u>	<u>136,200</u>	<u>29,550</u>
		<u>723,400</u>		<u>634,550</u>
Maoinithe ag				
Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis 1 bhliain				
Bintiúir 8%		120,000		110,000
Caipiteal agus Cúlchistí				
Gnáthscaireanna ar €1 an ceann	500,000		450,000	
Scairbhiseach	15,000		-----	
Cuntas brabúis agus caillteanais	<u>88,400</u>	<u>603,400</u>	<u>74,550</u>	<u>524,550</u>
		<u>723,400</u>		<u>634,550</u>

Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil freisin:

- (i) Eisíodh na scaireanna ar €1.30 in aghaidh na scaire ar an 01/01/2023.
- (ii) Sócmhainní seasta a chosain €30,000 agus a ndearnadh soláthar €21,000 i leith dímheas iomlán orthu, díoladh ar €8,500 iad le linn na bliana dar críoch 31/12/2023.
- (iii) Eisíodh bintiúir, €10,000, ar an 30/06/2023.
- (iv) Ba í an díbhinn iomlán a íocadh don bhliain ná 5c in aghaidh na scaire ar scaireanna a bhí ann ar an 31/12/2023.
- (v) Gearradh cáin chorparáide €45,000 ar bhrabúis do 2023.
- (vi) Tá an phaitinn á díscríobh thar thréimhse sé bliana a thosaigh in 2022.

Iarrtar ort:

- (a)** (i) Cuntas brabúis agus caillteanais giorraithe a ullmhú chun an brabús oibriúcháin don bhliain dar críoch 31/12/2023 a fháil.
- (ii) Ráiteas ar shreabhadh airgid Simpson cpt a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2023, ráitis imréitigh san áireamh. (90)
- (b)** (i) Breac-chuntas a thabhairt ar conas a bhaineann Simpson cpt tairbhe as ráiteas ar shreabhadh airgid a ullmhú.
- (ii) Nuair a thuilltear brabús, cén fáth nach i gcónaí a bhíonn ardú comfhreagrach san iarmhéid airgid. Bain úsáid as figiúirí ón gceist chun tacú le do fhreagra. (10)

(100 marc)

7. Ceartú Earráidí agus Cuntas Fionraí

Níor réitigh comhardú trialach F. de Grae, mórdhíoltóir earraí leictreacha, ar an 31/12/2023. Iontráladh an difríocht i gcuntas fionraí agus ullmhaíodh an clár comhardaithe seo a leanas.:

Clár Comhardaithe mar a bhí ar an 31/12/2023			
	€	€	€
Sócmhainní Seasta	Costas	Dímheas go dtí seo	Glanluach leabhar
Áitreabh	450,000	-----	450,000
Veaineanna seachadta	60,000	30,000	30,000
Trealamh	<u>27,000</u>	<u>-----</u>	<u>27,000</u>
	<u>537,000</u>	<u>30,000</u>	507,000
Sócmhainní Reatha			
Stoc	47,100		
Féichiúnaithe	12,600		
Airgead	<u>10,100</u>	69,800	
Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain			
Creidiúnaithe (fionraí san áireamh)	58,800		
Banc	16,100		
CBL	<u>7,700</u>	<u>82,600</u>	
Glansócmhainní reatha			<u>(12,800)</u>
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha			<u>494,200</u>
Maoinithe ag			
Caipiteal		455,000	
Glanbhrabús		<u>53,100</u>	
		508,100	
Lúide tarraingtí		<u>(13,900)</u>	<u>494,200</u>
			<u>494,200</u>

Nuair a seiceáladh na leabhair, thángthas ar na hearráidí agus ar na heasnaimh seo a leanas:

- (i) Fuarthas íocaíocht €900 ó V. Ó Maolagáin, féichiúnaí, a ndearnadh a fhiach a dhíscríobh roimhe sin agus ar mian leis trádáil le de Grae arís. Is ionann seo agus 80% den bhunfhiach agus tá sé geallta ag an bhféichiúnaí go n-íocfaidh sé an chuid eile den fhiach faoi mhí Eanáir 2024. Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair
- (ii) Díoladh veain seachadta a chosain €20,000 agus dar luach €12,000 de réir na leabhar ar €10,000 in airgead tirim. Iontráladh é sin mar €2,000 ar thaobh an dochair de chuntas na bhféichiúnaithe agus €1,200 ar thaobh an tsochair den chuntas díolachán. Ní dhearnadh aon iontrálacha eile sna leabhair
- (iii) Níor taifeadadh sna leabhair fógraíocht dlite €900 ná cíós €1,200 réamhíoctha ag de Grae.
- (iv) Dhíol F. de Grae earraí ar cairde le CD Leictreach Teo. ar €4,000 móide CBL @ 23% Ní raibh d'iontrálacha taifeadta sna cuntais ach gur breacadh an figiúr le CBL san áireamh ar thaobh an tsochair den chuntas trealaimh agus gur breacadh an figiúr gan CBL ar thaobh an dochair de chuntas CD Leictreach Teo.
- (v) Chuir F. de Grae gléasanna leictreacha a ceannaíodh ar cairde ó sholáthraí ar €8,000 ar ais roimhe seo agus iontráladh an beart seo go hearráideach sna cuntais mhórleabhair chuí mar €2,200. Tháinig nóta sochair ina dhiaidh sin ón soláthraí, áfach, ar a raibh táille athstocála de €200 chun costas an aischuir a chlúdach. Ba é an t-aon iontráil a rinneadh maidir leis an nóta sochair seo ná iontráil sochair €7,800 i gcuntas na gcreidiúnaithe.

Iarrtar ort:

- (a) Na ceartúcháin riachtanacha a iontráil sa leabhar cúnta. (50)
- (b) (i) An Cuntas Fionraí a ullmhú.
(ii) An fáth nach bhfuil iarmhéid deiridh ar an gcuntas fionraí a mhíniú. (10)
- (c) An ráiteas ar Ghlanbhrabús ceartaithe a ullmhú. (14)
- (d) An clár comhardaithe ceartaithe a ullmhú (20)
- (e) Mínigh le sampla an bhrí atá le hearráid phrionsabail. (6)

(100 marc)

ROINN 3 (80 Marc)
Freagair ceist **AMHÁIN**

8. Buiséid Sholúbtha agus Costáil Táirgí

(a) Buiséid Sholúbtha

Déanann Royston Teo. comhpháirt do thionscal na ríomhaireachta. Tá na buiséid sholúbtha seo a leanas ullmhaithe cheana féin do 50%, 75% agus 95% d'acmhainneacht na monarchan.

Leibhéil Aschuir	50%	75%	95%
Aonaid	20,000	30,000	38,000
Costais	€	€	€
Ábhair dhíreacha	90,000	135,000	171,000
Pá díreach	300,000	450,000	570,000
Forchostais táirgthe	110,000	155,000	191,000
Forchostais eile	171,000	249,000	311,400
Forchostais riaracháin	<u>80,600</u>	<u>80,600</u>	<u>80,600</u>
	<u>751,600</u>	<u>1,069,600</u>	<u>1,324,000</u>

Tá an brabús buiséadaithe le bheith cothrom le 20% de na díolacháin.

Díoltar gach aonad a tháirgtear.

Iarrtar ort:

- Na forchostais táirgthe a roinnt ina n-eilimintí seasta agus athraitheacha.
- Na forchostais eile a roinnt ina n-eilimintí seasta agus athraitheacha.
- Buiséad solúbtha a ullmhú do leibhéal gníomhaíochta 85%. Bain úsáid as prionsabail na costála imeallaí agus léirigh an cion tairbhe.
- Bunaithe ar do chuid áireamh i gcuid (iii) déan an pointe cóimheá agus an lamháil sábháilteachta ag leibhéal gníomhaíochta 85% a ríomh do Royston.
- An téarma 'costas inrialaithe' a mhíniú agus sampla a thabhairt.

(b) Luacháil Stoic

Is siopa miondíola é Ó Tuathaigh Teo. a cheannaíonn agus a dhíolann aon earra amháin.

Baineann an t-eolas seo thíos le ceannacháin agus díolacháin an ghnólaigh don bhliain 2023.

Tréimhse	Ceannacháin ar Cairde	Díolacháin ar Cairde	Díolacháin ar Airgead
01/01/2023 - 31/03/2023	6,500 @ €9 an ceann	1,900 @ €12 an ceann	200 @ €11 an ceann
01/04/2023 - 30/06/2023	3,700 @ €9.50 an ceann	1,700 @ €13 an ceann	1,900 @ €12 an ceann
01/07/2023 - 30/09/2023	2,600 @ €9.75 an ceann	2,900 @ €14 an ceann	2,800 @ €13 an ceann
01/10/2023 - 31/12/2023	1,200 @ €10 an ceann	700 @ €15 an ceann	1,600 @ €14 an ceann

Ar 01/01/2023 bhí stoc tosaigh de 5,000 aonad ann @ €8 an ceann.

Iarrtar ort:

- Luach an stoic deiridh ag 31/12/2023 a ríomh agus an modh FIFO á úsáid agat. (Taispeáin do chuid oibre).
- Cuntas trádála a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2023.
- Modh TITA (FIFO) do luacháil stoic a mhíniú agus modh amháin eile chun stoc a luacháil a ainmniú.

(80 marc)

9. Buiséadú

Tá sé i gceist ag Ó Néill Teo. gnólacht a bhunú ar an 01/07/2024 agus rinne sé an réamhaisnéis seo a leanas do na chéad sé mhí trádála:

	Iúil	Lúnasa	M. Fómhair	D. Fómhair	Samhain	Nollaig
Aonaid díolachán	12,500	12,700	13,800	14,900	14,500	15,400
Ioncam ó Dhíolacháin (€)	625,000	635,000	690,000	745,000	725,000	770,000

- (i) Coinnítear stoic earraí críochnaithe ag 40% de riachtanas na ndíolachán don mhí dár gcionn.
- (ii) Teastaíonn 5 kg d'ábhar X, a bhfuil costas €4 an kg air, do gach aonad.
- (iii) Coinnítear stoic amhábhair ag deireadh gach míosa, ar leor iad le haghaidh 10% de riachtanais na míosa dár gcionn i gcileagraim.
- (iv) Meastar go mbeidh an patrún bailithe airgid ó dhíolacháin mar seo a leanas:
 - Custaiméirí Airgid** In airgead síos a thiocfaidh 30% d'ioncam ó dhíolacháin agus ceadófar lascaine 5% ar airgead síos.
 - Custaiméirí Creidmheasa** Tiocfaidh 70% den ioncam díolacháin ó chustaiméirí creidmheasa.
Íocfaidh na féichiúnaithe sin a gcuid billí sa mhí i ndiaidh na ndíolachán.
- (v) Faightear creidmheas dhá mhí ó sholáthraithe.
- (vi) Déanfar speansais an ghnóilachta a réiteach mar seo a leanas:
 - Costais Ionchais** Pá €24,000 móide 10% d'ioncam ó dhíolacháin in aghaidh na míosa, iníoctha de réir mar a thabhaítear iad.
Forchostais athraitheacha €15 an t-aonad, iníoctha de réir mar a thabhaítear iad.
Forchostais sheasta (dímheas san áireamh) €15,000 in aghaidh na míosa, iníoctha de réir mar a thabhaítear iad.
 - Costais Chaipitil** Ceannófar trealamh ar an 01/07/2024 ar chostas €60,000 a mbeidh saolré fhóinteach de 4 bliana aige.
Mar chabhair do mhaoiniú an cheannaigh sin, gheofar iasacht €48,000 a chuirfear faoi urrús 6% in aghaidh na bliana.
Beidh an tsuim chaipitil le haisíoc thar thréimhse ceithre bliana i dtráthchodanna cothroma míosúla ag tosú ar an 01/08/2024.
Beidh an t-ús do gach mí le híoc ar an lá deiridh den mhí, bunaithe ar an méid den iasacht a bheidh gan íoc ar an dáta sin ag tosú ar an 31/07/2024.

Iarrtar ort:

- (a) Buiséad táirgthe do Ó Néill Teo. a ullmhú do na ceithre mhí Iúil go Deireadh Fómhair 2024.
- (b) Buiséad ceannacháin amhábhair (in kg agus €) a ullmhú do Ó Néill Teo. do na ceithre mhí Iúil go Deireadh Fómhair 2024.
- (c) Buiséad airgid do Ó Néill Teo. a ullmhú do na ceithre mhí Iúil go Deireadh Fómhair 2024.
- (d) Cuntas trádála, brabúis agus cailteanais buiséadaithe do Ó Néill Teo. a ullmhú do na ceithre mhí dar críoch 31/10/2024 (más é €30 an costas buiséadaithe d'aonad earraí críochnaithe).
- (e) (i) Mínigh cad is brí le hanailís athraitheas.
(ii) Tabhair sampla sonrach d'athraitheas fabhrach a d'fhéadfadh tarlú do Ó Néill Teo..

(80 marc)

Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraíthe an scrúdpháipéir seo.

Ardteistiméireacht– Ardleibhéal

Cuntasaíocht

Dé Céadaoin, 19 MEITHEAMH

TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00